**Comhairle Contae Dhún na nGall**
**Donegal County Council**

**Ráiteas Príobháideachais - Comhairle Contae Dhún na nGall**

1. **Réamhrá**

Tá Comhairle Contae Dhún na nGall freagrach as réimse leathan seirbhísí a sholáthar, amhail Tithíocht, Bóithre, Pleanáil, Forbairt Pobail srl. Le gur féidir léi na seirbhísí sin a sholáthar is den ghnáthchleachtas ag an Chomhairle é méid suntasach sonraí pearsanta (mar a shainmhínítear sin sna hAchtanna um Chosaint Sonraí agus sna Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí 2016) a bhailiú agus a phróiseáil. D'fhéadfadh sé go dtabharfá na sonraí sin dúinn ar fhoirm iarratais, ar ár suíomh gréasáin nó i gcomhfhreagras/i dteagmháil dhíreach linn.

2. **An Gá atá le Ráiteas Príobháideachais**

Is é is cuspóir leis an ráiteas príobháideachais seo cuidiú leat a thuigbheáil cad chuige ar gá dúinn eolas pearsanta a fháil agus cén dóigh a mbímid á phróiseáil, agus chun ár dtiomantas i leith an phríobháideachais a léiriú agus chun a gheallstan duit, in achan teagmháil a bhíonn agat leis an Chomhairle seo, go ndéanfaidh muid cinnte de go mbeidh na sonraí a thabharfaidh tú dúinn slán sábháilte. Is féidir go bhfaighidh muid sonraí pearsanta ó ranna rialtais/áisíneachtaí stáit nó tríú páirtithe eile chomh maith chun bheith comhlíontach le rialacháin nó le ceanglais reachtaíochta. Is é gealltanas Chomhairle Contae Dhún na nGall maidir leis na sonraí pearsanta a bhféadfadh sé a bheith ort iad a thabhairt dúinn ná:-

- Go bhfaighfear na sonraí sin ar bhealach dleathach, cothrom agus trédhearcach.
- Gur ar son cúiseanna sonracha, soiléire agus dlisteanacha a gheofar na sonraí sin.
- Go mbeidh na sonraí sin leordhóthanach, ábhartha agus teoranta don mhéid atá riachtanach don chuspóir ar bailíodh iad fána choinne.
- Go dtaifeadfar agus go stórálfar go cruinn agus go slán sábháilte iad, agus nuair is gá, go gcoinneofar cothrom le dáta iad.
- Nach gcoinneofar iad ach chomh fada agus is gá do na cuspóirí a bhfuarthas iad fána gcoinne.
- Go gcoinneofar iad i bhformáid ina gceadaítear an duine is ábhar do na sonraí a aithint.
- Nach bpróiseálfar iad ach amháin ar dhóigh a chinntíonn slándáil chuí na sonraí pearsanta, lena n-áirítear cosaint ar phróiseáil neamhúdaraithe nó mhídhleathach.

3. **Comhroinnt Sonraí**

Is féidir go gcomhroinnfidh an Chomhairle do Shonraí Pearsanta le comhlachtaí poiblí agus údaráis rialála eile chun bheith comhlíontach le rialacháin nó ceanglais reachtaíochta.

4. **An tEolas a Bhailímid**

Má lorgaíonn tú seirbhís ar leith ón Chomhairle iarrfar ort méid áirithe sonraí pearsanta a thabhairt (i roinnt cásanna d'fhéadfadh eolas pearsanta faoi chleithiúnaithe a bheith de dhíth) le tacú le d'iarratas. Leagfaidh Comhairle Contae Dhún na nGall amach an t-eolas atá de dhíth orainn i bhfoirmeacha iarratais éagsúla ar leith a bhaineann le gach seirbhís. Seo a leanas na cineálacha sonraí pearsanta a d'fhéadfaimis iarraidh ort a chur ar fáil:-

a) Sonraí teagmhála le go mbeimis in ann cumarsáid dhóthanach a dhéanamh leat. Ní gá duit do chuid sonraí teagmhála ar fad a chur ar fáil, ach nuair a chuireann tú níos mó díobh ar fáil, amhail seoladh ríomhphoist, seoladh poist, uimhir theagmhála ghutháin, bíonn sé níos fusa cumarsáid a dhéanamh leat.
b) Sonraí maidir le do chúinsí pearsanta a bhfuil ceangal dlí ort a thabhairt mar chuid de do phróiseas iarratais.
c) Do shonraí airgeadais féin a bhfuil ceangal dlí ort a thabhairt le tacú le d'iarratas.

**5. An Polasaí um Chosaint Sonraí**

Tá Polasaí um Chosaint Sonraí ag an Chomhairle ina mínítear an dóigh a bhfuil an Chomhairle tiomanta chun slándáil aon sonraí pearsanta a thabharfaidh tú dúinn a chinntiú.

**6. An Polasaí Coinneála maidir le Taifid**

Tugtar mioneolas sa Pholasaí Náisiúnta Coinneála maidir le Taifid i dtaca leis an tréimhse ama a gcoinneoidh Comhairle Contae Dhún na nGall do shonraí pearsanta agus i dtaca leis an méid a tharlóidh dóibh nuair a bheas an tréimhse ama istigh.

**7. Cearta s'agatsa**

Tá de cheart agat rochtain a iarraidh ar na sonraí pearsanta a choinnítear fá dtaobh duitse, deimhniú a fháil an bhfuil sonraí ann fá dtaobh duit, eolas a fháil faoi ábhar agus faoi fhoinse na sonraí, agus cruinneas na sonraí a sheiceáil.

Má fhaightear amach go bhfuil sonraí atá á gcoinneáil ag an Chomhairle míchruinn tá sé de cheart agat sonraí pearsanta atá á gcoinneáil ag an Chomhairle a athrú, a bhaint, a chosc nó cur i gcoinne úsáid na sonraí sin. I gcúinsí áirithe, má choisctear rochtain ar shonraí d'fhéadfadh sé sin moill a chur ar rochtain ar sheirbhís duit nó í a bhaint ar fad. Tabhair faoi deara, chun cuidiú le do phríobháideachas a chosaint, glacaimid céimeanna le d'aitheantas a fhíorú sula dtabharfar rochtain duit ar shonraí pearsanta.

Lena chois sin, tá de cheart agat:-

• Inaistritheacht sonraí a fheidhmiú, is é sin, cóip inaistrithe d'eolas atá á choinneáil againn a fháil chun é a aistriú chuig tríú páirtí/soláthraí.

• Mionsonraí a fháil maidir le haon aistriú sonraí chuig aon tríú tír (taobh amuigh den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch) agus na cosaintí atá i bhfeidhm.

• Mionsonraí a fháil maidir le haon chinnteoireacht uathoibríoch.

Le gníomhú ar na cearta sin, thig leat Iarratas Rochtana ó Dhuine is Ábhar do Shonraí a chur isteach. Is féidir an t-iarratas sin a dhéanamh i scríbhinn nó go leictreonach, chuig Oifigeach Cosanta Sonraí na Comhairle.

8. Sonraí Teagmhála le haghaidh Cosaint Sonraí

Do gach fiosrú a bhaineann le Cosaint Sonraí is féidir leat dul i dteagmháil leis an Chomhairle mar seo a leanas:

Guthán: 074 9153900

Rphost: dpo@donegalcoco.ie

Seoladh Poist: Comhairle Contae Dhún na nGall

Teach an Chontae

An Chearnóg

O.P. Leifir

Co. Dhún na nGall

F93 Y622

**Ceart Gearáin chuig Oifig an Choimisinéara um Chosaint Sonraí**

Mura bhfuil tú sásta le toradh an fhreagra a fuair tú ó Chomhairle Contae Dhún na nGall maidir le d'iarratas, tá sé de cheart agat gearán a dhéanamh chuig an Choimisinéir um Chosaint Sonraí, agus d'fhéadfadh an Coimisinéir an cheist a fhiosrú ar do shonsa. Tá suíomh gréasáin Oifig an Choimisinéara um Chosaint Sonraí le fáil ag www.dataprotection.ie

nó thig leat dul i dteagmháil leis an Oifig sin ar:

Uimhir Glao Áitiúil: 1890 252 231

R-phost: info@dataprotection.ie

Seoladh Poist:

Oifig an Choimisinéara um Chosaint Sonraí

Teach na Canála

Bóthar an Stáisiúin

Cúil an tSúdaire

Co. Laoise

R32 AP23